Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**13712/23**

**CLIMA 437**
**ENV 1068**
**TRANS 391**
**MI 808**
**DELACT 148**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Meán Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 5957 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>an 7.9.2023<br>lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coigeartú luachanna maise gluaisteán nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 5957 final.

---

Faoi iamh: C(2023) 5957 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.9.2023
C(2023) 5957 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 7.9.2023**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coigeartú luachanna maise gluaisteán nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

De réir Rialachán (AE) 2019/631, na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha $CO_2$ a bheidh le baint amach ag monaróirí gluaisteán nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua, socraítear iad de réir fheidhm mheánmhais fhlít feithiclí an mhonaróra a cláraíodh sa spriocbhliain chomh maith le meánmhais fhlít feithiclí uile an Aontais Eorpaigh. Suas go dtí 2024, is í an mhais i riocht feidhme na bhfeithiclí lena mbaineann an luach maise is ceart a úsáid chun na críche sin. Ó 2025 ar aghaidh, is ar mheánmhais tástála na bhfeithiclí a bheidh an cur chuige bunaithe. Chun feabhas a chur ar intuarthacht spriocanna an mhonaróra, ní hí an mheánmhais sa spriocbhliain meánmhais fhlít feithiclí uile an Aontais Eorpaigh a úsáidfear sna foirmlí ríofa, ach luach tagartha atá bunaithe ar mheánmhais an fhlít i mblianta féilire roimhe sin: an luach $M_0$ maidir le mais i riocht feidhme agus an luach $TM_0$ maidir le mais tástála.

Maidir leis na spriocanna i leith astaíochtaí fhlít uile an Aontais Eorpaigh a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/631, d'fhonn a áirithiú go leanfar de na spriocanna sin a bhaint amach le himeacht ama, ní mór an fhoirmle a úsáidtear chun na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha sin a ríomh bheith ag teacht le héabhlóid meánmhaise na ngluaisteán nua paisinéirí agus na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua a chláraítear san Aontas.

Dá bhrí sin, ní mór na luachanna $M_0$ agus $TM_0$ in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631 a choigeartú go tráthrialta, i gcomhréir le hAirteagal 14 den Rialachán (gach 3 bliana do $M_0$ agus gach 2 bhliain do $TM_0$).

I gcomhréir le hAirteagal 14(1)(b) de Rialachán (AE) 2019/631, tá an luach nua $M_0$ a bheidh le cur i bhfeidhm d'fhonn na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha in 2024 a ríomh d'fheithiclí tráchtála éadroma nua bunaithe ar mheánmhais i riocht feidhme na bhfeithiclí sin a cláraíodh sna blianta féilire 2019, 2020 agus 2021. Ríomhtar an luach mar mheánmhais fhlít uile an Aontais Eorpaigh i riocht feidhme i ngach ceann de na 3 bliana sin, ualaithe de réir líon na gclárúchán nua i ngach ceann de na blianta sin, mar a dheimhnítear le Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2021/973[1], (AE) 2022/2087[2] agus (AE) 2023/1623 ón gCoimisiún[3].

I gcomhréir le hAirteagal 14(1)(c) de Rialachán (AE) 2019/631, cinntear na luachanna táscacha $TM_0$ le haghaidh 2025 mar mheánmhais tástála na ngluaisteán nua paisinéirí uile

---

[1] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/973 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2021 lena ndeimhnítear nó lena leasaítear ríomh sealadach na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ agus na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha do mhonaróirí gluaisteán paisinéirí agus do mhonaróirí feithiclí tráchtála éadroma le haghaidh na bliana féilire 2019 agus don mhonaróir gluaisteán paisinéirí Dr Ing. h.c. F. Porsche AG chomh maith le díorma Volkswagen le haghaidh na mblianta féilire 2014 go 2018 de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 215, 17.6.2021, lch. 1).

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2087 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2022 lena ndeimhnítear nó lena leasaítear ríomh sealadach na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ agus na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha do mhonaróirí gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma le haghaidh na bliana féilire 2020 agus lena gcuirtear monaróirí ar an eolas maidir leis na luachanna atá le húsáid chun na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha agus na spriocanna maolaithe le haghaidh na mblianta féilire 2021 go 2024 a ríomh de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 280, 28.10.2022, lch. 49).

[3] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1623 an 3 Lúnasa 2023 ón gCoimisiún lena sonraítear na luachanna maidir le feidhmíocht na monaróirí agus díormaí monaróirí gluaisteán nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua le haghaidh na bliana féilire 2021, agus lena sonraítear chomh maith na luachanna atá le húsáid chun na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha ó 2025 ar aghaidh a ríomh, de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena gceartaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2087 (IO L 200, 10.8.2023, lch. 5).

agus na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua uile a cláraíodh in 2021. Tá an luach cothrom le meánmhais tástála fhlít uile an Aontais Eorpaigh d'fheithiclí nua a cláraíodh in 2021, mar a dheimhnítear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1623 ón gCoimisiún.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

An 21 Márta 2023, cuireadh an Grúpa Saineolaithe um Astaíochtaí $CO_2$ ó mhótarfheithiclí ar an eolas faoi na luachanna $M_0$ agus $TM_0$ nua.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leasaítear an fhoirmle ríofa sprice d'fhonn an luach $M_0$ nua d'fheithiclí tráchtála éadroma a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024.

Leasaítear na foirmlí ríofa sprice d'fhonn an luach $M_0$ nua do ghluaisteáin paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2025.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 7.9.2023**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coigeartú luachanna maise gluaisteán nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011[4], agus go háirithe Airteagal 14(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/631, ní mór meánmhais fhlít uile an Aontais Eorpaigh i riocht feidhme a úsáidtear chun na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$) a ríomh do gach monaróir feithiclí tráchtála éadroma nua (an luach $M_0$) a choigeartú go tráthrialta go dtí 2024 chun athruithe i meánmhais na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua a cláraíodh san Aontas a chur san áireamh.

(2) I bhfianaise na sonraí in Iarscríbhinní I go IV a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/973 ón gCoimisiún[5], Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2087 ón gCoimisiún[6] agus Iarscríbhinní I go III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1623 ón gCoimisiún[7], 1875,07 kg a bhí sa mheánmhais i riocht feidhme na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua a cláraíodh sna blianta féilire 2019, 2020 agus 2021, arna hualú de réir líon na

4 IO L 111 25.4.2019, lch. 13.

5 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/973 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2021 lena ndeimhnítear nó lena leasaítear ríomh sealadach na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ agus na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha do mhonaróirí gluaisteán paisinéirí agus do mhonaróirí feithiclí tráchtála éadroma le haghaidh na bliana féilire 2019 agus don mhonaróir gluaisteán paisinéirí Dr Ing. h.c. F. Porsche AG chomh maith le díorma Volkswagen le haghaidh na mblianta féilire 2014 go 2018 de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 215, 17.6.2021, lch. 1).

6 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2087 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2022 lena ndeimhnítear nó lena leasaítear ríomh sealadach na meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ agus na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha do mhonaróirí gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma le haghaidh na bliana féilire 2020 agus lena gcuirtear monaróirí ar an eolas maidir leis na luachanna atá le húsáid chun na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha agus na spriocanna maolaithe le haghaidh na mblianta féilire 2021 go 2024 a ríomh de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 280, 28.10.2022, lch. 49).

7 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1623 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2023 lena sonraítear na luachanna maidir le feidhmíocht na monaróirí agus díormaí monaróirí gluaisteán nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua le haghaidh na bliana féilire 2021, agus lena sonraítear chomh maith na luachanna atá le húsáid chun na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha ó 2025 ar aghaidh a ríomh, de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena gceartaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2087 (IO L 200, 10.8.2023, lch. 5).

gclárúchán nua i ngach ceann de na blianta sin. Dá bhrí sin ba cheart an luach $M_0$ le haghaidh na bliana féilire 2024 dá dtagraítear i gCuid B, pointe 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631 a bheith cothrom leis an luach sin.

(3) I gcomhréir le hAirteagal (AE) 2019/631, ó 2025 ar aghaidh, tá meánmhais tástála na ngluaisteán nua paisinéirí uile agus na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua (na luachanna $TM_0$) le húsáid chun na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha a ríomh do gach monaróir gluaisteán nua paisinéirí agus do gach monaróir feithiclí tráchtála éadroma. Ní mór na luachanna $TM_0$ atá le húsáid don ríomh a choigeartú go tráthrialta de réir mheánmhais tástála na ngluaisteán paisinéirí nuachláraithe agus de réir mheánmhais tástála na bhfeithiclí tráchtála éadroma nuachláraithe.

(4) Ba cheart na luachanna táscacha $TM_0$ le haghaidh 2025 a ríomh mar mheánmhais tástála na ngluaisteán nua paisinéirí uile agus na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua uile a cláraíodh sa bhliain féilire 2021. I bhfianaise na sonraí a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1623 ón gCoimisiún, 1609,6 kg a bhí i meánmhais tástála na ngluaisteán nua paisinéirí uile a cláraíodh sa bhliain féilire 2021, agus 2163,0 kg a bhí i meánmhais tástála na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua uile a cláraíodh sa bhliain féilire 2021. Dá bhrí sin, ba cheart na luachanna táscacha $TM_0$ le haghaidh na bliana féilire 2025 dá dtagraítear i gCuid A, pointe 6.2.1, agus i gCuid B, pointe 6.2.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631, a bheith cothrom leis na luachanna sin.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/631 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631 mar a leanas:

(1) i gCuid A, pointe 6.2.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil $TM_0$:

'1609,6 kg is ea an luach $TM_0$ in 2025, agus cinntear an luach i gcileagraim (kg) i gcomhréir le hAirteagal 14(1), pointe (d), sna blianta féilire eile.';

(2) i gCuid B, pointe 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil '$M_0$':

'$M_0$= 1 766,4 in 2020, 1 825,23 in 2021, 2022 agus 2023, agus 1 875,07 in 2024';

(3) i gCuid B, pointe 6.2.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil $TM_0$:

'2163,0 kg is ea an luach $TM_0$ in 2025, agus cinntear an luach i gcileagraim (kg) i gcomhréir le hAirteagal 14(1), pointe (d), sna blianta féilire eile.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7.9.2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*